Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Aibreán 2021**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0202(COD)**

**5532/21**
**ADD 1 REV 1**

**SOC 36**
**ECOFIN 60**
**FSTR 9**
**COMPET 42**
**FIN 48**
**IA 10**
**CADREFIN 34**
**CODEC 83**

## DRÉACHT-RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha agus lena n-aisghairtear (AE) Uimh. 1309/2013<br>– Dréacht-ráitis ar chúiseanna na Comhairle |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 30 Bealtaine 2018, ghlac an Coimisiún an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú[1].

2. Is ionstraim é an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a thacaíonn le bearta arna gcur chun feidhme ag na Ballstáit a bhfuil sé d'aidhm acu feabhas a chur ar scileanna agus ar infhostaitheacht na n-oibrithe a chaill a bpost.

3. Ghlac Coiste na Réigiún a thuairim an 6 Nollaig 2018[2], agus ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim an 12 Nollaig 2018[3].

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh ag seisiún iomlánach dá cuid an 16 Eanáir 2019.

5. Thángthas ar chur chuige ginearálta páirteach[4] ag Comhairle EPSCO an 15 Márta 2019 lena gcuirtear an creat caibidlíochta ar fáil.

6. Chuaigh an Uachtaránacht i mbun plé neamhfhoirmiúil le Parlaimint na hEorpa i mí Feabhra 2020. Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú sealadach tar éis sraith cruinnithe teicniúla agus ceithre cinn de chruinnithe trípháirteacha polaitiúla (an 4 Feabhra, an 15 Deireadh Fómhair, an 27 Deireadh Fómhair agus an 16 Nollaig).

7. An 20 Eanáir 2021, tháinig Coiste na mBuanionadaithe ar chomhaontú polaitiúil[5] agus d'fhormhuinigh sé an comhréiteach deiridh a d'eascair as na cruinnithe tríthaobhacha, faoi réir athbhreithnithe theicniúil agus athbhreithnithe dhlítheangeolaíoch.

---

1 9701/18 + ADD 1
2 IO C 86, 07.03.2019, lch. 239-258
3 IO C 110, 22.03.2019, lch. 82-86
4 7624/19
5 5043/21 ADD1 - REV1

8. An 27 Eanáir 2021, d'fhormheas an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta i bParlaimint na hEorpa an téacs comhréitigh, faoi réir athbhreithniú teicniúil agus athbhreithniú dlítheangeolaíoch. An lá céanna, chuir Cathaoirleach an Choiste sin litir chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe inar léirigh sí go raibh sí chun moladh don Choiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta agus don Chruinniú Iomlánach, go ndéanfaí an seasamh ón gComhairle a ghlacadh gan aon leasú, faoi réir a fhíoraithe ag na dlítheangeolaithe. Is é an éifeacht a bheadh leis sin go measfaí an gníomh atá beartaithe a bheith glactha san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón gComhairle.

## II. CUSPÓIR

9. Is é is cuspóir don Rialachán an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a athnuachan le haghaidh thréimhse an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027 agus, dá bhrí sin, cur ar chumas an Aontais bearta a chistiú arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar scileanna agus ar infhostaitheacht na n-oibrithe a chaill a bpost.

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

10. Leathnaítear raon feidhme na n-ionstraimí leis an togra trí chúiseanna breise le hathstruchtúrú a aithint mar chúiseanna atá incháilithe do thacaíocht agus trí thairseach incháilitheachta i bhfad níos ísle a shocrú d'oibrithe a briseadh as a bpost.

11. Déantar an ráta cómhaoinithe a ailíniú le CSE+ agus an ráta cómhaoinithe reatha 60 % a choinneáil mar an íosráta.

12. Foráiltear gníomh tarmligthe lena gcinnfear na cásanna neamhrialtachta atá le tuairisciú agus na sonraí atá le soláthar.

13. Bunaítear comhtháscairí coiteanna aschuir agus toraidh le haghaidh iarratais ar an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú.

14. Foráiltear do na cásanna eisceachtúla sin nuair nach leor na leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí atá ar fáil sa Chiste chun an cúnamh a mheastar is gá a chumhdach, féadfaidh an Coimisiún an iarraidh ar aistriú buiséid a chur siar go dtí an bhliain ina dhiaidh sin.

15. Áirítear léi clásal cúlghabhálachta chun bearnaí sa chistiú a sheachaint idir dul in éag an rialacháin reatha agus teacht i bhfeidhm an rialacháin nua.

## IV. CONCLÚID

16. Léirítear leis na seasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh i ndáil leis an Rialachán an comhréiteach ar ar thángthas sa chaibidlíocht idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa.

17. Creideann an Chomhairle gurb ionann na seasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus téacs cothrom a chomhlíonann cuspóirí uile an Rialacháin.